



**Plean Scoile Gaeilge:
Scoil Náisiúnta Oideachais le Cheile Leamhcán.
(L.E.T.S)**

Plean Scoile Gaeilge

■ Teideal:

Plean Gaeilge Scoil Náisiúnta Oideachais le Cheile Leamhcán.

■ Réamhráiteas:

Cuireadh an plean seo le chéile sa chéad ait le linn na scoilbhliana 2007- 2008. Tháinig an cuiditheoir CTCB chun cabhrú chun an plean scoile a chur le chéile. Bhí grúpa ag bailiú chun an phlean a phlé. Rinneadh athbhreithniú air i rith 2011. Chuireamar an plean seo le chéile i ndiaidh caint, comhrá agus plé eadrainn féin mar fhoireann. Tá an Ghaeilge tábhachtach mar ábhar scoile, is cuid d'ar n-oidhreacht í agus cuireann foghlaim na Gaeilge ar chumas na bpáistí teangamháil a bheith acu leis an gcultúr Gaelach mar go bhfuil an teanga agus an cultúr ceangailte go dlúth le chéile.

(a) Tá gá leis an bplean seo:

- Chun cabhrú linn an Curaclam Teanga na mBunscoil a chur i bhfeidhm agus a chur in oiriúint d'ár scoil.
- Chun treoir a thabhairt do mhúinteoirí na scoile
- Chun an cur chuige cumarsáideach a chur chun cinn sa scoil.
- Chun córas páiste a lárnach a dhéanamh amach don Ghaeilge a *fhreastalaíonn* ar pháistí éagsúla.
- Chun comhthéacs a chruthú d'úsáid na Gaeilge sa scoil.
- Ionas go mbeidh forbairt agus leanúnachas ó rang go rang.

■ Fís agus Aidhmeanna:

(a) Fís – An plean i gcomhthéacs na scoile:

Bhuaileamar le cheile leis an bhfoireann.

Ba mhaith linn go mbeidh dearcadh dearfach don Ghaeilge agus go mbeidh cumas cainte na Gaeilge ag na páistí nuair a fhágann siad an scoil. Ba mhaith linn go gcuirfear le féin-mhuinín na bpáistí agus iad i mbun cumarsáide leis an nGaeilge mar theanga bheo. Bhéimís ag súil go mbeidh na páistí in ann an Ghaeilge a úsáid mar ghnáththeanga chumarsáide, chun iad féin a chur in iúil, a mhianta a léitiú, ceisteanna a chur agus a fhreagairt.

Riachtannais teanga na bpáistí agus na tuismitheoirí –cúlra na bpáistí éagsúla toisc go dtagann roinnt de na paisti ón dtíortha eile agus cé gurb í an Bhéarla an dara theanga atá acu tá an Ghaeilge tábhachtach le foghlaim.

Baineann ceol, peil, iománaíocht, rince, cluichí teanga agus imeachtaí taitneamhach le cultúr na Gaeilge sa scoil. An buntáiste is mó a bhaineann leis na páistí as foghlaim na Gaeilge ar scoil ná go mbeadh tuiscint acu ar an gcultúr Eireannacha, rud atá tabhachtach nuair atá cultúir idirnáisiúnta sa scoil.

Baintear úsáid as an nGaeilge chomh minic agus is féidir i rith an lae.

(b) Aidhmeanna:

Táimid ag cur béim ar na h-aidhmeanna seo

- Úsáid na Gaeilge mar ghnáth theanga cumarsáide chomh minic agus is féidir i rith an lae.
- Dearadh dearfach i leith na Gaeilge agus spéis agus dúil inti a chothú.
- Taitneamh a bhaint as foghlaim na Gaeilge.
- Feasacht teanga agus feasacht cultúir a chothú.

- Go mbeidh fonn ar na páistí an Ghaeilge atá acu a úsáid agus a chur chun cinn.
- Éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht a fhorbairt ar bhealach comhtháite.

■ **Ábhar an Phlean:**

1. **Curaclam na Gaeilge:**

1.1 **Cur Chuige Cumarsáideach: Treorlín**

- Is é atá sa chur chuige cumarsáide ná bealach chun teanga a mhúineadh. Tá na ceachteanna go léir roinnt ina thrí thréimhse.
- An Tréimhse Réamhchumarsáideach: Múin an teanga.
- An Tréimhse Cumarsáideach: Úsáid an teanga.
- An Tréimhse Iarcumarsáideach: Úsáid na teanga i gcómhthéacs eile.

Is é an rud is tábhachtaí ná na páistí a chur ag caint agus ag déanamh cumarsáide chomh luath agus chomh minic agus is féidir.

1.2 **Feidhmeanna Teanga:**

Is é an tuiscint atá againn ar feidhmeanna teanga ná an úsáid a bhaineann duine as teanga chun cuspóir éigin cumarsáide a bhaint amach, is iad na feidhmeanna teanga coilár an churaclaim Ghaeilge.

- Is iad na feidhmeanna teanga ná an úsáid a bhaineann páiste as an teanga chun cumarsáid a dhéanamh.
- Is é ciall an feidhm teanga ná an úsáid a bhaineann na páistí as an teanga chun iad féin a chur in iúl, agus chun cuspóir éigin cumarsáide a bhaint amach. Bíonn na páistí ag úsáid gach scil ansin.
- Bíonn an múinteoir ag cur na feidhmeanna seo san áireamh nuair a bhíonn sí/sé ag ullmhú ceachta, agus úsáideann sí/se na heiseamláirí teanga go neamhfhoirmiúil I rith an lae chun iad a chur I gcómhthéacs réalaíoch agus chun iad a dhaingíú.
- Tá cóip de gach feidhm, a oireann don rang, i ngach seomra ranga sa scoil.

Féach Aguisín 1

1.3 **Snáitheanna an Churaclaim:**

Eisteacht:

Tuigimid sa scoil seo go bhfuil an- tabhacht ag baint le heisteacht i sealbhú na teanga. Tá na páistí ag éisteacht leis an teanga go neamhfhoirmiúil i rith an lae sa rang agus I dtimpeallacht na scoile. Tá na páistí ag éisteacht go foirmiúil chomh maith i rith ceachta mar shampla rainn, tascanna éisteachta. Tá sé fíorthábhachtach an teanga a úsáid go neamhfhoirmiúil i gnáth cónrsaí an lae chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Cuirtear béim ar scil na héisteachta I rith an cheachta chomh maith- éisteacht go foirmiúil (mar shampla cluichí teanga, scéalaíocht, ról imirt, rannta agus amhráin.)

Labhairt:

Tá tabhacht ag baint leis an labhairt chun cleachtadh a thabhairt agus deiseanna cumarsáide agus chun féin-mhuinín a fhorbairt agus seans a thabhairt dóibh iad féin a chur in iúl. Is cúid lárnach na scoile ná an difríocht idir gach duine agus an difríocht sin a labhairt faoi agus é sin a cheiliúradh. Bíonn deiseanna acu labhairt go neamhfhoirmiúil chomh minic agus is féidir i rith an lae agus labhairt go foirmiúil i rith an gceachta - páistí ag labhairt go simplí faoi na topaicí agus teamaí a bhfuil speis acu féin iontu cosúil le cluichí teanga, scéalaíocht agus ról imirt. Cuirimid béim an-laidir ar labhairt na Gaeilge sa scoil. Bíonn Maidin na Gaeilge againn gach seachtain, dé gnáth Dé Céadaoin agus bíonn seans ag gach rang labhairt Gaeilge os comhair na scoile go léir i rith na bliana, i bhfoirm an dáin mar shampla.

Léitheoireacht:

Tosnaíonn clár ullmhúcháin don litreacht i ranganna na Naíonáin le rainn, cluichí teanga, amhráin agus

pictiúrleabhar, scealta, na leabhair mhóra, teanga bhainistíochta ranga. Cuirtear le seo i Rang 1 agus 2 le breis prionta sa timpeallacht agus léitheoireacht idirghníomhach. Tárfaíonn tús na léitheoireachta go hoifigiúil Rang 2. Um an dtaca seo, tá foscileanna na léitheoireachta sa Bhéarla sealbhaithe ag na páistí. Níl ach traschur na scileanna i gceist ansin nuair a thosaíonn siad ar léitheoireacht na Gaeilge. Tugann an léitheoireacht eolas, pleisiúir agus taitneamh don léitheoir, mar sin, chomh maith leis na leabhair léitheoireacht, bíimid ag cur leis na leabhair sa leabharlann go rialta agus tá leabhair spéisiúla agus oiriúnacha do na ranganna go léir faighte againn chun éagsúlachta téacs agus genre a sholáthar do pháistí. Tuigimid go bhfuil bainistiú na léitheoireachta lárnach sa phróiseas chomh maith. Tús na léitheoireachta: Tosnófar ar an léitheoireacht foirmiúil i rang a dó. Sa ranganna shóisireacha bíonn béim ar an bprionta Gaeilge sa timpeallacht, leabhair mhóra, leabhair bheaga agus nuacht pearsanta. Bíonn úrscéalta ag na ranganna ó rang a dó go dtí rang a sé. Sin é lasmuigh den gnáthléitheoireacht na teacsleabhair. Ba mhaith linn deiseanna léitheoireachta éagsúla a sholáthar sa scoil seo, mar shampla-léitheoireacht faoi stiúir, léitheoireacht pháirteacht, léitheoireacht roinnte, léitheoireacht aonair, taoiléitheoireacht, tionscnaimh léitheoireachta ilrangach.

Scríbhneoireacht:

Luaith litearthacht ag tosnú i ranganna naíonáin agus tús na scríbhneoireachta foirmiúil i ranganna 1&2 – tosnófar scríbhneoireacht le frásaí agus abairtí bunaithe ar na téamaí & rí. Téann an scríbhneoireacht chun cinn le tascanna scríbhneoireachta m.sh. ailt bunaithe ar nuacht phearsanta. Tuigimid go bhfuil gá le cleachtadh i scríbhneoireacht fheidhmiúil agus chruthaitheach agus go bhfuil cleachtadh agus taithí ag teastáil ó na páistí chun scíl na scríbhneoireachta a fhorbairt go leanúnach comhsheasamhach. Tá ga le seo ionas go mbeidh siad abálta feabhas a chur ar a n-iarrachtaí. Tosaíonn obair ar litriú go neamhoirmiúil i rang a 2 agus leanann sé ar aghaidh go foirmiúil ó rang a 3. Leanaimid scéim litriú bunaithe ar fhoghraíocht na Gaeilge atá oiriúnach do ghach rang. Tá an ghramadach á fhoghlaim de réir a chéile ach déantar go foirmeálta í ins na mean agus na hárd ranganna. Bíonn béim ar úsáid agus cumarsáid i gconáil i bhfoghlaim na gramadaí. (Aguisín 2).

1.4 Comhtháthú na Snáitheanna:

- Cuireann gach múinteoir iarracht do gach snáth: Éisteacht, labhairt, léitheoireacht, scríbhneoireacht, a chur isteach i ngach ceacht Gaeilge.
- Is féidir é sin a dhéanamh trí na gníomhaíochtaí atá luaite faoi na snáitheanna san ábhar teagaisc agus foghlama.

1.5 Téamaí, Straitéisí agus Modhanna Múinte:

- Téamaí;

Tá na téamaí ann chun comhthéasc a thabhairt do na páistí na feidhmeanna teanga a fhoghlaim. Seo iad na téamaí :

Mé féin	Sa bhaile	An scoil	Ócáidí speisialta	Bia
An teilifís	Ag Siopadóireacht	Caitheamh aimsire	Éadaí	An Aimsir

Módhanna Múinte :

- **An módh díreach**- ‘seo ríomhaire’ (taispéain agus é a rá)
- **Módh na sraithe** - D’éirigh mé. D’ith mé mo bhricféasta. Thainig mé ar scoil
- **Módh na lánfhreagartha gníomhaí** – éist agus déan ‘ cur suas do lámh, bí ag rith..
- **An módh closamhairc** - éist leis an dlúthdhiosca, cluiche biongo, éist agus tarraing.
- **Módh na ráite** – Frásaí, nathanna cainte, seanfhocail a fhoghlaim de ghlanmheabhair.

Stratéisí:

- Agallaimh (comhrá beirte)
- Cluichí teanga
- Tascanna agus triallacha
- Druileanna
- Drámaíocht

- Físeáin
- Scéalaíocht
- Filíocht
- Amhráin
- Seanfhocail

1.6 Gaeilge Neamhfhoirmiúil – úsáid na Gaeilge i rith an lae:

Sa scoil seo úsáidtear an Ghaeilge go neamhfhoirmiúil i rith an lae mar theanga bhainistíochta ranga, I rith comhtháthú le ceachtanna eile agus bíonn deiseanna ag na páistí an teanga a chloisteáil .

Úsáidtear an Ghaeilge sa scoil i rith seachtain na Gaeilge, Maidin na Gaeilge (gach Céadaoin) agus déantar an béim a chur ar an nGaeilge sa scoil ag na hamanna seo. Déantar béim a chur ar ghníomhaíochtaí thaitneamhacha i rith an ama seo seachas an obair ranga.

■ **Pleanáil Eagraíochta:**

2.1 Pleanáil an Mhúinteora:

Féach ar chreatlach don bplean cheachta sna filteáin atá ag gach múinteoir. Déanann gach múinteoir pleanáil gearrthearmacha agus fadthearmach bunaithe ar Churaclam na Bunscoile do nGaeilge agus an curaculam nua: Curaclam Teanga na Bunscoile (Béarla Teanga 1 agus Gaeilge Teanga 2). Coimeadann gach múinteoir cúntús ar an nGaeilge atá múinte agus foghlama ag páistí le linn na míosa. Déanann múinteoirí pleanáil le chéile ar bhonn ranganna chun smaointe agus deá chleachtadh a roinnt.

2.2 Áiseanna & Acmhainní:

Tá cóip do na feidhmeanna teanga ag gach múinteoir sna ranganna. Tá bailiúchán lárnach d’áiseanna sa scoile chun iad a úsáid ó gach rang go h-áirithe I rith Seachtain na Gaeilge. Tá leabhair, leabhair móra, cluichí, leabhair dánta, scéalta, ámhráin agus dánta ar dlúthdioscaí sa bhailiúchán lárnach d’áiseanna. Usáideann na ranganna Naíonánan Clár Gaeilge ‘Bua na Cainte’ . Usáideann rang a trí go rang a sé ‘Sin é’.

2.3 Éagsúlacht Cumais:

Déantar iarracht freastal ar ghach páiste. Úsáidtear stratéisí éagsúla, áiseanna agus acmhainní difriúla.

2.4 Comhtháthú le hÁbhair eile:

Déanaimid iarracht roinnt Gaeilge a usáid chomh minic agus is féidir in ábhair éagsúla sa scoil i rith na bliana. Beidh saoirse ag múinteoirí a rogha féin a dhéanamh m.sh. d’fhéadfadh múinteoir rang Ealaíne nó Corp Oideachais a dhéanamh trí Ghaeilge, nó cuid den rang sin.

2.5 Measúnú:

Tá measúnú tábhachtach chun an múinteoireacht agus an fhoghlaim a mheas. Beidh uirlisí measúnaithe, idir neamhfhoirmiúil agus foirmiúil in úsáid chun dul chun cinn na ndaltaí a mheas.

- Liosta feidhmeanna teanga a théann ó rang go rang leis na bpáistí.
- Dírbhreathnú an mhúinteora.
- Tascanna agus trialacha deartha ag an múinteoir.
- Bailiúcháin d’obair an pháiste.
- Tionscadáil an pháiste.

2.6 Obair Bhaile:

Tugtar obair bhaile sa Ghaeilge chun athneartú a dhéanamh ar an obair scoile agus nasc a chothú leis an mbaile. Déantar iarracht na snáithe a chomhtháthú san obair bhaile chun béim a chur ar na ceithre sraitheanna an churaclaim- éisteacht, labhairt. Léitheoireacht agus scríobhneoireacht.

2.7 Forbairt Foirne:

Bhí cuiditheoir againn i 2008. Thug sí cabhair duinn maidir leis an gcuraclam agus mhúin sí ceachtanna éagsúla. Bhí ceardlanna Gaeilge againn chun feabhas a chur ar theanga na múinteoirí.

Bíonn deiseanna ag na múinteoirí a gcuid Gaeilge a úsáid ar mhaidin Gaeilge agus i rith Seachtain na Gaeilge sa scoil. Bíonn deis ag múinteoirí freastal ar chúrsaí oiliúna chun fhorbairt ghairmiúil a dhéanamh sa scrudú cáilíocht sa Ghaeilge.

2.8 Tuismitheoirí agus an Ghaeilge:

Tá tabhacht thar cuimse ag baint le ról na dtuismitheoirí chun cabhrú le hobair na scoile. Is féidir leo dearcadh dearfach don Gaeilge a chothú sna páistí agus tacaíocht a thabhairt d'obair na scoile agus d'obair anranga. Cabhróidh said trí thacaíocht a thabhairt d'imeachtaí Gaeilge sa scoil agus sa cheantar, trí chabhrú leis an obair bhaile, agus trí Gaeilge a chleachtadh sa bhaile. Tabharfaimid tacaíocht do tuismitheoirí chun muinín a bheith acu as a gcuid Gaeilge féin. Beidh nasc ar suíomh líon na scoile le frásaí úsáideacha do thuismitheoirí chun cabhrú lena bpáistí le Gaeilge neamhfhoirmiúil.

2.9 Comhionannas:

Déantar freastal ar chearta gach páiste agus ullmhaítear na ceachtanna in oiriúnt cultúr, cumas foghlama agus araile. Beidh deis ag gach páiste sa scoil an Ghaeilge a fhoghlaim.

■ Critéir Rathúlachta:

Beidh a fhios againn go bhfuil an plean seo ag feidhmiú má

- Tá feabhas le feiceáil ar leibhéal Gaeilge na bpáistí sa seomra ranga
- Chloistear na páistí ag labhairt Gaeilge níos minicí taobh amuigh den seomra ranga
- Tá níos mó muiníne ag na múinteoirí ina Ngaeilge féin.
- Tá torthaí triallacha níos fear.
- Tá atmasféar Gaeilge le cloisteáil, le feiceáil agus ag úsáid I dtimpeallacht na scoile.
- Tagann aiseolas dearfach ó thuismitheoirí, múinteoirí, cigirí agus an bord Bainistíochta.

■ Cur i bhfeidhm:

Rólanna agus freagracht:

Tá gach múinteoir freagrach as an bplean a chur i gcrích. Tá sé de dhualgas ag gach múinteoir scéim bliana agus ullumhúcháin gear-thréimhseach a eagrú de réir na moltaí atá sa phlean iomlán agus de réir an cuid den curaclam a bhaineann lena rang féin.

■ Athbhreithniú

(a) Rólanna agus freagracht:

Déanfar athbhreithniú 2019/2020 agus déanfaidh múinteoir le dualgas speisialta sa Ghaeilge cinneadh faoi seo ag an ama sin i gcuideachta leis an bpríomhoide.

Cabhróidh na múinteoirí eile ar choiste Gaeilge.

(b) Spriocdháta don athbhreithniú:

Pléifear dul chun cinn an phlean go minic. Beidh athbhreithniú déanta ar an bplean seo go rialta.
Déanfar an chéad athbhreithniú eile le linn na scoilbhliana 2019/2020

■ **Daingniú agus Cumarsáid:**

Tugfar an phlean don mBord Bhainistíochta i Meitheamh 2018 chun í a phlé agus a dhaingniú. Béidh cóip le fáil san oifig freisin.

Sinió : _____

Dáta : _____